18.4.2024 A9-0284/ 001-055

**LEASUITHE 001-055**
ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

**Tuarascáil**
**Irena Joveva** **A9-0284/2023**
Staidreamh maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 agus lena n aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013

Togra le haghaidh rialacháin (COM(2023)0031 – C9-0010/2023 – 2023/0008(COD))

---

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Teastaíonn staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht chun beartais an Aontais a dhearadh, a chur chun feidhme agus chun meastóireacht a dhéanamh orthu, go háirithe na beartais sin lena dtugtar aghaidh ar an athrú déimeagrafach, ar an aistriú glas agus an aistriú digiteach, ar éifeachtúlacht fuinnimh, comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chur chun chinn, agus ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe (NA) a bhaint amach. | (1) ***Tá ról lárnach ag*** staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht ***i bpróiseas ceaptha beartais agus cinnteoireachta agus, dá bhrí sin, tá siad*** ag teastáil chun beartais an Aontais a dhearadh, a chur chun feidhme agus chun meastóireacht a dhéanamh orthu, go háirithe na beartais sin lena dtugtar aghaidh ar an athrú déimeagrafach, ar an aistriú glas agus an aistriú digiteach, ar éifeachtúlacht fuinnimh, comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chur chun chinn, ***Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme*** agus ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe (NA) a bhaint amach. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) In 2017, d'fhormhuinigh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach (ESSC) Meabhrán Bhúdaipeist inar sonraíodh an gá le staidreamh bliantúil maidir le méid agus maidir le saintréithe áirithe sóisialta, eacnamaíocha agus déimeagrafacha an daonra agus le staidreamh feabhsaithe i ndáil leis an imirce. Chun go n-urramófar prionsabail an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe idir a shaoránaigh i ngach gníomhaíocht agus cearta na saoránach aonair arna gcumhdach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[23] agus in Airteagal 10 agus Airteagal 19 CFAE, tá staidreamh iontaofa inchomparáide ag teastáil ón Aontas. Le Rialachán (AE) 2019/1700 soláthraítear creat le haghaidh bailiúcháin sonraí ó shamplaí lena n-éascaítear sonraí maidir le comhionannas agus neamh-idirdhealú a bhailiú a mhéid is féidir ar shamplaí agus anailís a dhéanamh ar roinnt gnéithe den chomhionannas agus den idirdhealú trí tháscairí socheacnamaíocha agus faisnéis ar eispéireas idirdhealaithe a sholáthar. Ina theannta sin, déanann an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha (FRA) agus an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) staidéir shonracha agus suirbhéanna tiomnaithe lenar féidir infhaighteacht an staidrimh comhionannais a leathnú tuilleadh ar leibhéal AE. Ba cheart comhar agus comhordú idir na Ballstáit, Eurostat agus na gníomhaireachtaí sin amach anseo a fheabhsú chun freastal ar éilimh úsáideoirí atá ag méadú maidir le sonraí iontaofa cuimsitheacha maidir le comhionannas agus éagsúlacht san Aontas. | (6) In 2017, d'fhormhuinigh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach (ESSC) Meabhrán Bhúdaipeist inar sonraíodh an gá le staidreamh bliantúil maidir le méid agus maidir le saintréithe áirithe sóisialta, eacnamaíocha agus déimeagrafacha an daonra agus le staidreamh feabhsaithe i ndáil leis an imirce. Chun go n-urramófar prionsabail an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe idir a shaoránaigh i ngach gníomhaíocht agus cearta na saoránach aonair arna gcumhdach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[23] agus in Airteagal 10 agus Airteagal 19 CFAE, ***agus chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhmeCholún Eorpach na gCeart Sóisialta*** tá staidreamh iontaofa inchomparáide ag teastáil ón Aontas. ***Tá staidreamh maidir le himirce agus cosaint idirnáisiúnta riachtanach chun forbhreathnú a bhunú ar shreabha imirce laistigh de AE agus chun a áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit dlí an Aontais i bhfeidhm i gceart***. Le Rialachán (AE) 2019/1700 soláthraítear creat le haghaidh bailiúcháin sonraí ó shamplaí lena n-éascaítear sonraí maidir le comhionannas agus neamh-idirdhealú a bhailiú a mhéid is féidir ar shamplaí agus anailís a dhéanamh ar roinnt gnéithe den chomhionannas agus den idirdhealú trí tháscairí socheacnamaíocha agus faisnéis ar eispéireas idirdhealaithe a sholáthar. Ina theannta sin, déanann an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha (FRA) agus an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) staidéir shonracha agus suirbhéanna tiomnaithe lenar féidir infhaighteacht an staidrimh comhionannais a leathnú tuilleadh ar leibhéal AE. ***Ina theannta sin, cuireann Eurofound sonraí*** |

***agus faisnéis ar fáil a bhailítear trí shuirbhéanna ar dhálaí maireachtála agus oibre.*** Ba cheart comhar agus comhordú idir na Ballstáit, Eurostat agus na gníomhaireachtaí sin amach anseo a fheabhsú chun freastal ar éilimh úsáideoirí atá ag méadú maidir le sonraí iontaofa cuimsitheacha maidir le comhionannas agus éagsúlacht san Aontas***,*** ***agus cosaint daoine nádúrtha i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil á urramú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán 2018/1725***.

[23] IO C 202, 7.6.2016, lch. 389.

[23] IO C 202, 7.6.2016, lch. 389.

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Chun spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach, ***teastaíonn*** staidreamh feabhsaithe maidir le húsáid fuinnimh agus éifeachtúlacht tithíochta, sonraí geografacha mionsonraithe maidir le dáileadh an daonra chomh maith le staidéir níos cuimsithí ar an ngaol idir an daonra agus tithíocht chun beartais éifeachtacha a fhorbairt agus a mheas. Le paindéim COVID-19 léiríodh an gá le staidreamh iontaofa, ardmhinicíochta agus tráthúla ar bhásanna san Aontas. Cé gur freastalaíodh ar riachtanais sonraí le bailiú deonach sonraí ó na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat), teastaíonn sásra leordhóthanach ón Aontas le haghaidh bailiú éigeantach na sonraí sin laistigh den Chóras Staidrimh Eorpach (CSE) leis an minicíocht, tráthúlacht agus mionsonraí is gá. | (7) Chun spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip ***agus Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta*** a bhaint amach***, agus chun an ghéarchéim maidir le costas maireachtála a chomhrac, ba cheart go mbeadh forbairt agus meastóireacht beartas éifeachtach bunaithe ar*** staidreamh feabhsaithe maidir le húsáid fuinnimh agus éifeachtúlacht tithíochta, sonraí geografacha mionsonraithe maidir le dáileadh an daonra chomh maith le staidéir níos cuimsithí ar an ngaol idir an daonra agus tithíocht. Le paindéim COVID-19 léiríodh an gá le staidreamh iontaofa, ardmhinicíochta agus tráthúla ar bhásanna san Aontas. Cé gur freastalaíodh ar riachtanais sonraí le bailiú deonach sonraí ó na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat), teastaíonn sásra leordhóthanach ón Aontas le haghaidh bailiú éigeantach na sonraí sin laistigh den Chóras Staidrimh Eorpach (CSE) leis an minicíocht, tráthúlacht agus mionsonraí is gá. ***Ba cheart méid an bhailithe éigeantaigh*** |

***sonraí a chothromú leis an ualach breise riaracháin agus leis na costais bhreise ar na Ballstáit. Agus an méid sin á chur san áireamh, ba cheart go bhféadfaí maoluithe a dheonú ar na ceanglais maidir le huainiú an bhailithe sonraí.***

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7a) Chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, i bpríomhspriocanna a Phlean Gníomhaíochta agus i gcur chun feidhme na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí ar an leibhéal náisiúnta agus measúnú a dhéanamh ar thionchar dáileacháin an athraithe aeráide agus na mbeartas i gcoitinne, tá sásra leordhóthanach de dhíth ar an Aontas chun sonraí den sórt sin a bhailiú go héigeantach laistigh de CSE leis an minicíocht, an tráthúlacht agus na mionsonraí is gá.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24] bunaíodh creat dlíthiúil i gcomhair fhorbairt, tháirgeadh agus scaipeadh an staidrimh Eorpaigh, bunaithe ar phrionsabail chomhchoiteanna staidrimh. Leagtar amach sa Rialachán sin na critéir cháilíochta agus tagraítear don ghá go ndéanfaí an t-ualach freagartha ar fhreagróirí suirbhéanna a íoslaghdú agus don ghá cur leis an gcuspóir níos ginearálta | (9) Le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24] bunaíodh creat dlíthiúil i gcomhair fhorbairt, tháirgeadh agus scaipeadh an staidrimh Eorpaigh, bunaithe ar phrionsabail chomhchoiteanna staidrimh. Leagtar amach sa Rialachán sin na critéir cháilíochta agus tagraítear don ghá go ndéanfaí an t-ualach freagartha ar fhreagróirí suirbhéanna a íoslaghdú agus don ghá cur leis an gcuspóir níos ginearálta |

| | |
|---|---|
| maidir le hualaí riaracháin a laghdú. Le creat dlíthiúil nua le haghaidh staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht, ba cheart na critéir cháilíochta a leagtar amach sa Rialachán sin a chur chun feidhme agus ba cheart go ***n-éascófaí laghdú*** ualaigh trí athúsáid éifeachtach agus éifeachtúil na bhfoinsí sonraí atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí riaracháin, a chuimsiú. | maidir le hualaí riaracháin a laghdú. Le creat dlíthiúil nua le haghaidh staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht, ba cheart na critéir cháilíochta a leagtar amach sa Rialachán sin chur chun feidhme ***agus ba cheart go gcuirfí leo,*** agus ba cheart go ***laghdófaí an t-ualach riaracháin*** trí athúsáid éifeachtach agus éifeachtúil na bhfoinsí sonraí atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí riaracháin, a chuimsiú. |
| [24] Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndacht staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164). | [24] Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndacht staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164). |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) Is cuspóir lárnach de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 é an t-ualach riaracháin a thagann chun cinn ar leibhéal an Aontais a laghdú. Tá sé mar aidhm leis an teachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Márta dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach AE: ag breathnú chun cinn tar éis 2030', na ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú agus a shimpliú faoi 25 % do gach ceann de na réimsí téamacha glasa, digiteacha agus eacnamaíocha, agus d'fhéadfadh an togra*** |

***gaolmhar ón gCoimisiún an t-ualach riaracháin a laghdú agus iomaíochas na ngnóthas uile san Aontas a fheabhsú, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide.***

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Leis ***an*** staid dhéimeagrafach atá ag teacht chun cinn agus treochtaí imirce le déanaí cruthaíodh éilimh ar staidreamh Eorpach níos tráthúla, níos minice agus níos mionsonraithe maidir leis an daonra, teagmhais bheatha agus tithíocht, lena n-áirítear sonraí faoi thopaicí nó faoi ghrúpaí atá éirithe níos ábhartha ar bhonn polaitiúil agus sochaíoch le deich mbliana anuas. Ina theannta sin, níl an creat dlí atá ann cheana solúbtha go leor chun oiriúnú do riachtanais bheartais atá ag teacht chun cinn agus chun úsáid foinsí nua ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a éascú. Ina theannta sin, mar thoradh ar struchtúr an chreata dhlíthiúil reatha i bhfoirm trí rialachán ar leith, arna nglacadh ag amanna éagsúla, tá neamhréireachtaí bunúsacha sa staidreamh. Ar deireadh, ós rud é go scoirfidh Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013 d'fheidhm a bheith aige an 31 Lúnasa 2028, tá gá le bunús dlí nua maidir leis an staidreamh déimeagrafach a bhailítear faoin Rialachán sin. Is gá, dá bhrí sin, creat nua níos comhleanúnaí agus níos solúbtha a chur in ionad an chreata dhlíthiúil reatha ar cheart codanna ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 a leasú leis agus Rialacháin (CE) Uimh. 763/2008 agus (AE) Uimh. 1260/2013 a aisghairm leis. | (11) Le ***cogadh foghach leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, an t-athrú aeráide, an claochlú digiteach,*** staid dhéimeagrafach atá ag teacht chun cinn agus treochtaí imirce le déanaí cruthaíodh éilimh ar staidreamh Eorpach níos tráthúla, níos minice agus níos mionsonraithe maidir leis an daonra***, forbairtí socheacnamaíocha***, teagmhais bheatha agus tithíocht, lena n-áirítear sonraí faoi thopaicí nó faoi ghrúpaí atá éirithe níos ábhartha ar bhonn polaitiúil agus sochaíoch le deich mbliana anuas. Ina theannta sin, níl an creat dlí atá ann cheana solúbtha go leor chun oiriúnú do riachtanais bheartais atá ag teacht chun cinn agus chun úsáid foinsí nua ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a éascú. Ina theannta sin, mar thoradh ar struchtúr an chreata dhlíthiúil reatha i bhfoirm trí rialachán ar leith, arna nglacadh ag amanna éagsúla, tá neamhréireachtaí bunúsacha sa staidreamh. Ar deireadh, ós rud é go scoirfidh Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013 d'fheidhm a bheith aige an 31 Lúnasa 2028, tá gá le bunús dlí nua maidir leis an staidreamh déimeagrafach a bhailítear faoin Rialachán sin. Is gá, dá bhrí sin, creat nua níos comhleanúnaí agus níos solúbtha a chur in ionad an chreata dhlíthiúil reatha ar cheart codanna ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 a leasú leis agus Rialacháin (CE) Uimh. 763/2008 agus (AE) Uimh. 1260/2013 a aisghairm leis. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Mar gheall ar chineál roinnt saintréithe daonra agus tithíochta atá ag athrú go tapa, go háirithe maidir le feiniméin dhéimeagrafacha agus imirce, agus mar gheall ar an ngá comhfhreagrach díriú go pras ar bheartais agus iad a chur in oiriúint, is gá go mbeidh staidreamh ar fáil ar bhonn tráthúil go luath i ndiaidh na tréimhse tagartha. Ba cheart, dá bhrí sin, tréimhsiúlacht agus tráthúlacht an staidrimh a chur chun cinn go follasach. | (13) Mar gheall ar chineál roinnt saintréithe daonra agus tithíochta atá ag athrú go tapa, go háirithe maidir le feiniméin dhéimeagrafacha***, shocheacnamaíocha*** agus imirce, agus mar gheall ar an ngá comhfhreagrach díriú go pras ar bheartais agus iad a chur in oiriúint, is gá go mbeidh staidreamh ar fáil ar bhonn tráthúil go luath i ndiaidh na tréimhse tagartha. Ba cheart, dá bhrí sin, tréimhsiúlacht agus tráthúlacht an staidrimh a chur chun cinn go follasach***, trí shonraí riaracháin agus taifid riaracháin a úsáid i gcás inar féidir***. ***Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil dá n-institiúidí staidrimh náisiúnta.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Ní mór an creat dlíthiúil reatha le haghaidh staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht a thabhairt cothrom le dáta lena áirithiú go ndéanfar na próisis staidrimh atá scartha faoi láthair a chomhtháthú go leordhóthanach i gcreat comhchoiteann lenar féidir le CSE freagairt go héifeachtach do riachtanais faisnéise nua an Aontais agus nuálaíocht staidrimh a spreagadh. Ní mór go mbeadh an t-aschur staidrimh ábhartha i gcónaí i bhfianaise athruithe déimeagrafacha, imirce, sóisialta agus eacnamaíocha ***ar an tsochaí***. | (17) Ní mór an creat dlíthiúil reatha le haghaidh staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht a thabhairt cothrom le dáta lena áirithiú go ndéanfar na próisis staidrimh atá scartha faoi láthair a chomhtháthú go leordhóthanach i gcreat comhchoiteann lenar féidir le CSE freagairt go héifeachtach do riachtanais faisnéise nua an Aontais agus nuálaíocht staidrimh a spreagadh. Ní mór an t-aschur staidrimh ábhartha ***a fheabhsú*** ionas go mbeidh sé ábhartha i bhfianaise athruithe déimeagrafacha, imirce, sóisialta agus eacnamaíocha ar an tsochaí ***agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin eile*** |

***agus chun tacú le ceapadh beartas agus cinnteoireacht*.**

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Ba cheart go n-éireodh áirimh an Aontais níos cost-éifeachtúla trí leas iomlán a bhaint as an tsraith fhlúirseach sonraí riaracháin atá ar fáil ar fud na mBallstát nó trí theaglaim d'fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear foinsí a bhaineann le hIdirlíon na nEarraí (IoT) agus soláthar seirbhísí digiteacha. Ba cheart iad a úsáid ***freisin*** chun an bhunlíne dhéimeagrafach a athbhunú agus chun suirbhéanna ar chumhdach na bhfoinsí sonraí riaracháin a chur san áireamh. | (19) Ba cheart go n-éireodh áirimh an Aontais níos cost-éifeachtúla trí leas iomlán a bhaint as an tsraith fhlúirseach sonraí riaracháin atá ar fáil ar fud na mBallstát nó trí theaglaim d'fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear foinsí a bhaineann le hIdirlíon na nEarraí (IoT) agus soláthar seirbhísí digiteacha ***ar bhonn prótacail a thabhairt i gcrích idir institiúidí náisiúnta staidrimh na mBallstát agus soláthraithe sonraí ó bhunachair sonraí phríobháideacha***. ***Ba cheart dóibh príobháideachas sonraí pearsanta a urramú trí na coimircí is gá a bhunú le haghaidh bailiú sonraí pearsanta chun aon mhí-úsáid a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint agus chun cearta bunúsacha a ráthú.*** Ba cheart iad a úsáid ***freisin*** chun an bhunlíne dhéimeagrafach a athbhunú agus chun suirbhéanna ar chumhdach na bhfoinsí sonraí riaracháin a chur san áireamh. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Ba cheart rochtain inbhuanaithe a bheith ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún (Eurostat) ar an réimse is leithne is féidir d'fhoinsí sonraí chun staidreamh Eorpach ardchaighdeáin agus cost-éifeachtúil maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht a sholáthar. I ndáil leis | (20) Ba cheart rochtain inbhuanaithe a bheith ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún (Eurostat) ar an réimse is leithne is féidir d'fhoinsí sonraí chun staidreamh Eorpach ardchaighdeáin agus cost-éifeachtúil maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht a sholáthar. I ndáil leis |

sin, tá sé ríthábhachtach go bhfaighidh údaráis staidrimh náisiúnta rochtain in am agus i dtráth ar na sonraí riaracháin atá faoi úinéireacht na riarachán poiblí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus go mbeidh siad ábalta iad a úsáid go pras, i gcomhréir le hAirteagal 17a de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009. Mar shampla, féadfar staidreamh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a bhunú ar shonraí riaracháin a bhaineann le heisiúint deimhnithe fuinnimh foirgneamh faoi Threoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31] . Ní mór do na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta a bheith páirteach freisin i gcinntí i ndáil le dearadh agus athfhorbairt foinsí sonraí riaracháin ábhartha chun a áirithiú gur féidir iad a athúsáid tuilleadh chun staidreamh oifigiúil a thiomsú.

---

[31] Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO L 153, 18.6.2010, lch. 13).

sin, tá sé ríthábhachtach go bhfaighidh údaráis staidrimh náisiúnta rochtain in am agus i dtráth ar na sonraí riaracháin atá faoi úinéireacht na riarachán poiblí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus go mbeidh siad ábalta iad a úsáid go pras, i gcomhréir le hAirteagal 17a de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009***, ar bhealach cost-éifeachtúil***. Mar shampla, féadfar staidreamh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a bhunú ar shonraí riaracháin a bhaineann le heisiúint deimhnithe fuinnimh foirgneamh faoi Threoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31] . ***Ba cheart go mbeadh sonraí i bhfoinsí sonraí chomh maith a bhaineann le grúpaí daonra a bhfuil sé deacair teacht orthu, amhail daoine gan dídean agus daoine ina gcónaí i suíomhanna neamhfhoirmiúla.*** Ní mór do na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta a bheith páirteach freisin i gcinntí i ndáil le dearadh agus athfhorbairt foinsí sonraí riaracháin ábhartha chun a áirithiú gur féidir iad a athúsáid tuilleadh chun staidreamh oifigiúil a thiomsú.

---

[31] Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO L 153, 18.6.2010, lch. 13).

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Le sonraí a choinnítear go príobháideach, féadfar feabhas a chur ar chumhdach, ar thráthúlacht agus ar chumais freagartha i gcás géarchéimeanna an staidrimh Eorpaigh maidir leis an daonra agus le tithíocht nó féadfar | (23) Le sonraí a choinnítear go príobháideach, féadfar feabhas a chur ar chumhdach, ar thráthúlacht agus ar chumais freagartha i gcás géarchéimeanna an staidrimh Eorpaigh maidir leis an daonra agus le tithíocht nó féadfar |

| | |
|---|---|
| nuálaíocht staidrimh a chumasú. Tá an acmhainn le sonraí den sórt sin staidreamh déimeagrafaíochta agus imirce atá ann cheana a chomhlánú, nuálaíocht staidrimh a sholáthar agus fiú iad a úsáid chun luath-mheastacháin a sholáthar. Ba cheart go mbeadh rochtain ag na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta agus ag údaráis náisiúnta inniúla eile agus ag an gCoimisiún (Eurostat) ar shonraí den sórt sin agus go mbeadh siad ábalta iad a úsáid. | nuálaíocht staidrimh a chumasú. Tá an acmhainn le sonraí den sórt sin staidreamh déimeagrafaíochta agus imirce atá ann cheana a chomhlánú, nuálaíocht staidrimh a sholáthar agus fiú iad a úsáid chun luath-mheastacháin a sholáthar. Ba cheart go mbeadh rochtain ag na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta agus ag údaráis náisiúnta inniúla eile agus ag an gCoimisiún (Eurostat) ar shonraí den sórt sin agus go mbeadh siad ábalta iad a úsáid. ***Chun an chosaint ar chearta agus saoirsí sealbhóirí sonraí a áirithiú, ba cheart don Choimisiún liosta a dhéanamh de na cineálacha foinsí sonraí a shealbhaítear go príobháideach agus a fhéadfar a úsáid chun staidreamh a chruthú.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23a) I ndáil leis sin, ba cheart comhroinnt sonraí idir soláthraithe sonraí nó gnólachtaí atá i seilbh phríobháideach agus na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta agus an Coimisiún (Eurostat) a bhunú ar phrótacail comhroinnte sonraí agus ar chomhaontuithe comhair atá le tabhairt i gcrích ag na páirtithe leasmhara lena mbaineann agus i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725, chomh maith le Treoir 2002/58/CE.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Ba cheart don staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus le tithíocht na | (26) Ba cheart don staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus le tithíocht na |

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| critéir cháilíochta a chomhlíonadh maidir le hábharthacht, cruinneas, tráthúlacht agus poncúlacht, inrochtaineacht agus soiléire, inchomparáideacht agus comhleanúnachas a shonraítear i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009. Ba cheart a gcáilíocht a fheabhsú de réir mar a fhorbróidh riachtanais an Aontais. Ba cheart torthaí iomchuí ón measúnú cáilíochta arna dhéanamh ag an gCoimisiún (Eurostat) a bheith ar fáil go poiblí d'úsáideoirí staidrimh***. Ba cheart rochtain éasca saor in aisce*** a bheith ar an staidreamh sin trí bhunachair shonraí an Choimisiúin (Eurostat) ar a shuíomhanna gréasáin agus ina chuid foilseachán. | critéir cháilíochta a chomhlíonadh maidir le hábharthacht, cruinneas, tráthúlacht agus poncúlacht, inrochtaineacht agus soiléire, inchomparáideacht agus comhleanúnachas a shonraítear i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009. Ba cheart a gcáilíocht a fheabhsú de réir mar a fhorbróidh riachtanais an Aontais***, agus ba cheart sásraí a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar chásanna a d'fhéadfadh a bheith ann nach ráthaítear cáilíocht na sonraí iontu. I gcásanna den sórt sin, ba cheart an ceart a bheith ag an gCoimisiún (Eurostat) an mhodheolaíocht atá in úsáid a sheiceáil agus cuairteanna ar an láthair a eagrú ag na húdaráis a bhailíonn na sonraí. Ba cheart cúnamh agus tacaíocht theicniúil a sholáthar freisin arna iarraidh sin do na húdaráis náisiúnta***. Ba cheart torthaí iomchuí ón measúnú cáilíochta arna dhéanamh ag an gCoimisiún (Eurostat) a bheith ar fáil go poiblí d'úsáideoirí staidrimh ***trí rochtain shaor in aisce agus éasca a áirithiú*** ar an staidreamh sin trí bhunachair shonraí an Choimisiúin (Eurostat) ar a shuíomhanna gréasáin agus ina chuid foilseachán. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(26a) Ba cheart don staidreamh Eorpach maidir le daonra agus tithíocht aghaidh a thabhairt ar an easpa leanúnach sonraí maidir le grúpaí daonra a bhfuil sé deacair teacht orthu, amhail daoine atá ina gcónaí in institiúidí (e.g. institiúidí míleata, institiúidí ceartúcháin agus pionóis, suanliosanna scoile agus ollscoile, institiúidí reiligiúnacha, ospidéil, ionaid chúraim chónaithe, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas agus dílleachtaí), daoine os cionn 75 bliana d'aois, daoine faoi mhíchumas, daoine*** |

***gan dídean, daoine a mbaineann cúlra imirceach leo agus daoine gan stát. Chun an bhearna sonraí sin a dhúnadh agus chun neamhionannais shóisialta agus eacnamaíocha a eascraíonn aisti a chosc, ba cheart do na Ballstáit straitéisí agus réitigh spriocdhírithe a fhorbairt chun sonraí a bhailiú faoi ghrúpaí daonra a bhfuil sé deacair teacht orthu, go háirithe maidir leis na pobail sin a aimsiú, teagmháil a dhéanamh leo, áitiú orthu agus iad a chur faoi agallamh.***

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(26b) Glactar leis i mbeartais leordhóthanacha, tráthúla agus éifeachtacha go mbeidh sonraí iontaofa agus inchomparáide ann, a bheidh imdhealaithe de réir inscne, aoise agus míchumais, stádas socheacnamaíoch, limistéar geografach, i gcás inarb ábhartha náisiúntacht, agus paraiméadair eile i gcomhréir le Bunphrionsabail Staidrimh Oifigiúil na Náisiún Aontaithe. Tá na sonraí sin ábhartha chun tuiscint níos fearr a fháil ar threochtaí daonra agus tithíochta, chun idirdhealú trasnach a chomhrac agus chun beartais, cuspóirí agus gníomhaíochtaí an Aontais a chur chun feidhme agus a mheasúnú, amhail Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, Straitéis Cúraim na hEorpa, an Straitéis Eorpach maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas agus an tArdán Eorpach chun an easpa dídine a chomhrac, a bhfuil gach ceann acu ag brath go mór ar shonraí faoi líonta tí agus teaghlaigh. Ba cheart bailiú agus úsáid na sonraí sin a dhéanamh agus lánurraim á tabhairt do chaighdeáin an Aontais agus do chaighdeáin náisiúnta maidir le príobháideachas agus cearta*** |

***bunúsacha, go háirithe maidir le taighde staidrimh a bhaineann le mionaoisigh.***

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Maidir le feiniméin a bhaineann le saorghluaiseacht daoine san Aontas, rochtain daoine ar sheirbhísí trasteorann maidir le teagmhais bheatha dhéimeagrafacha agus feidhmiú ceart daoine chun maoin tithíochta a cheannach agus a bheith acu, ar maoin í a úsáidtear mar phríomhchóiríocht, mar chóiríocht saoire agus mar chóiríocht thánaisteach ar fud an Aontais, ní bhítear ábalta iad a ghabháil go beacht i gcónaí le foinsí sonraí atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta. Tá ***neamhshiméadrachtaí*** ann freisin maidir le sreafaí imirce déthaobhacha agus deacrachtaí grúpaí daonra a thomhas, mar shampla, i measc an daonra imirceach, daoine gan dídean nó daoine gan stát. Dá bhrí sin, chun críocha staidreamh daonra agus imirce a thiomsú agus cáilíocht na sonraí sin a áirithiú, ba cheart comhroinnt sonraí a threisiú agus a mheas mar fhoinse sonraí eile fós. Féadfaidh comhroinnt neartaithe sonraí dá leithéid réimse leathan sonraí ábhartha a chumhdach, idir shonraí ar léir nach féidir aonaid staidrimh a shainaithint leo, go díreach nó go hindíreach, agus sonraí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir ceanglais rúndachta staidrimh. Ba cheart do na Ballstáit, ar mhaithe leo féin agus le leas na mBallstát eile, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí comhroinnte sonraí, lena n-áirítear i dtreoirthionscadail ina ndéantar measúnú ar réitigh shlána nuálacha. Ba cheart don Choimisiún (Eurostat) bonneagar slán a bhunú chun comhroinnt sonraí den sórt sin a éascú agus na cosaintí riachtanacha go léir á n-áirithiú. | (29) Maidir le feiniméin a bhaineann le saorghluaiseacht daoine san Aontas, rochtain daoine ar sheirbhísí trasteorann maidir le teagmhais bheatha dhéimeagrafacha agus feidhmiú ceart daoine chun maoin tithíochta a cheannach agus a bheith acu, ar maoin í a úsáidtear mar phríomhchóiríocht, mar chóiríocht saoire agus mar chóiríocht thánaisteach ar fud an Aontais, ní bhítear ábalta iad a ghabháil go beacht i gcónaí le foinsí sonraí atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta. Tá ***neamhréiteach*** ann freisin maidir le sreafaí imirce déthaobhacha agus deacrachtaí grúpaí daonra a thomhas, mar shampla, i measc an daonra imirceach, daoine gan dídean nó daoine gan stát. Dá bhrí sin, chun críocha staidreamh daonra agus imirce a thiomsú agus cáilíocht na sonraí sin a áirithiú, ba cheart comhroinnt sonraí a threisiú agus a mheas mar fhoinse sonraí eile fós. Féadfaidh comhroinnt neartaithe sonraí dá leithéid réimse leathan sonraí ábhartha a chumhdach, idir shonraí ar léir nach féidir aonaid staidrimh a shainaithint leo, go díreach nó go hindíreach, agus sonraí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir ceanglais rúndachta staidrimh. Ba cheart do na Ballstáit, ar mhaithe leo féin agus le leas na mBallstát eile, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí comhroinnte sonraí, lena n-áirítear i dtreoirthionscadail ina ndéantar measúnú ar réitigh shlána nuálacha. Ba cheart don Choimisiún (Eurostat) bonneagar slán a bhunú chun comhroinnt sonraí den sórt sin a éascú agus na cosaintí riachtanacha go léir á n-áirithiú ***do chosaint sonraí***. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Nuair bhaineann próiseáil sonraí pearsanta le comhroinnt sonraí de réir Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37] nó Rialachán (AE) 2018/1725, ba cheart prionsabail an teorannaithe de réir cuspóra, íoslaghdú sonraí, teorannú stórála agus sláine agus rúndacht a chur i bhfeidhm go hiomlán. Go sonrach, ba cheart sásraí comhroinnte sonraí bunaithe ar theicneolaíochtaí cosanta príobháideachais atá deartha go sonrach chun na prionsabail sin a chur chun feidhme a roghnú ***seachas tarchur díreach sonraí***. | (30) Nuair bhaineann próiseáil sonraí pearsanta le comhroinnt sonraí de réir Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37] nó Rialachán (AE) 2018/1725, ba cheart prionsabail ***na dlíthiúlachta, an chothroim agus na trédhearcachta,*** an teorannaithe de réir cuspóra, íoslaghdú sonraí, teorannú stórála agus sláine agus rúndacht a chur i bhfeidhm go hiomlán. Go sonrach, ***níor cheart ach*** sásraí comhroinnte sonraí bunaithe ar theicneolaíochtaí cosanta príobháideachais atá deartha go sonrach chun na prionsabail sin a chur chun feidhme ***a úsáid chun sonraí pearsanta*** a tharchur. |
| [37] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1). | [37] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1). |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) San fhadtéarma, ba cheart go mbainfeadh na hiarrachtaí comhoibríocha sa Chóras Staidrimh Eorpach chun saincheisteanna cáilíochta staidrimh trasteorann a mhaolú, amhail comhaireamh | (32) San fhadtéarma, ba cheart go ***ndéanfaí*** na hiarrachtaí comhoibríocha sa Chóras Staidrimh Eorpach chun saincheisteanna cáilíochta staidrimh trasteorann a mhaolú, amhail comhaireamh |

| | |
|---|---|
| dúbailte chónaitheoirí an Aontais atá ag baint leas as an tsaoirse gluaiseachta, ***tairbhe a oiread is féidir as*** aitheantóirí aonair digiteacha arna mbunú ar leibhéal an Aontais le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 | dúbailte chónaitheoirí an Aontais atá ag baint leas as an tsaoirse gluaiseachta, ***a éascú trí*** aitheantóirí aonair digiteacha ***a thabhairt isteach, mar shampla,*** arna mbunú ar leibhéal an Aontais le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Ní dochar an Rialachán seo do Rialacháin (AE) 2016/679 ná (AE) 2018/1725 ná do Threoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.[38] Faoi chuimsiú a raoin feidhme faoi seach, beidh feidhm ag na Rialacháin deiridh sin maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo. | (33) Ní dochar an Rialachán seo do Rialacháin (AE) 2016/679 ná (AE) 2018/1725 ná do Threoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.[38] Faoi chuimsiú a raoin feidhme faoi seach, beidh feidhm ag na Rialacháin deiridh sin maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo. ***Ba cheart sonraí anaithnide nó sonraí bréagainmnithe a úsáid chun sonraí pearsanta a phróiseáil, a chomhroinnt agus a chartlannú chun críocha staidrimh chun na coimircí arna nglacadh faoi Airteagal 89 de Rialachán (AE) 2016/679 agus Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2018/1725 a ráthú. Ba cheart tús áite a thabhairt do phróiseáil sonraí anaithnidithe agus staidreamh á tháirgeadh agus á chomhroinnt laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo mura bhfuil bac tromchúiseach ann, agus sa chás sin ba cheart sonraí bréagainmnithe a phróiseáil.*** |
| [38] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37). | [38] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37). |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) Ba cheart staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus le tithíochta a fhorbairt chun aird a thabhairt ar riachtanais sonraí atá ag teacht chun cinn de bharr tosaíochtaí beartais atá ag athrú, chomh maith le hathruithe ar an staid dhéimeagrafach, imirce, shóisialta nó eacnamaíoch san Aontas. Ba cheart don Choimisiún (Eurostat) treoirstaidéir a dhéanamh ina ndéanfar measúnú ar a indéanta atá na hoiriúnuithe lena mbaineann de réir mar is iomchuí agus ba cheart dó gnéithe amhail costais agus ualaí riaracháin ar na Ballstáit agus infhaighteacht foinsí iomchuí sonraí a chur san áireamh. | (34) Ba cheart staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus le tithíochta a fhorbairt chun aird a thabhairt ar riachtanais sonraí atá ag teacht chun cinn de bharr tosaíochtaí beartais atá ag athrú, chomh maith le hathruithe ar an staid dhéimeagrafach, imirce, shóisialta nó eacnamaíoch san Aontas. Ba cheart don Choimisiún (Eurostat) treoirstaidéir a dhéanamh ina ndéanfar measúnú ar a indéanta atá na hoiriúnuithe lena mbaineann de réir mar is iomchuí agus ba cheart dó gnéithe amhail costais agus ualaí riaracháin ar na Ballstáit agus infhaighteacht foinsí iomchuí sonraí a chur san áireamh. ***Agus na staidéir sin á n-ullmhú, ba cheart don Choimisiún ionadaíochas na staidéar a áirithiú ar leibhéal an Aontais, go háirithe maidir le héagsúlachtaí réigiúnacha.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Chun treochtaí déimeagrafacha, eacnamaíocha agus sóisialta ***chomh maith le*** forbairtí teicneolaíocha a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun liosta, tuairisc, tréimhsiúlachtaí agus amanna tagartha na dtopaicí mionsonraithe a chumhdaítear le staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus le tithíocht a leasú; an tréimhsiúlacht agus na hamanna tagartha san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a thabhairt cothrom le dáta agus an fhaisnéis atá le soláthar ag na Ballstáit a shonrú ar | (35) Chun treochtaí déimeagrafacha, eacnamaíocha agus sóisialta***,*** forbairtí teicneolaíocha agus ***an gá le beartais dea-spriocdhírithe a dhearadh ar bhealach tráthúil*** a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun liosta, tuairisc, tréimhsiúlachtaí agus amanna tagartha na dtopaicí mionsonraithe a chumhdaítear le staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus le tithíocht a leasú; an tréimhsiúlacht agus na hamanna tagartha san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a thabhairt cothrom le |

| | |
|---|---|
| bhonn ad hoc. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[39] . Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. | dáta agus an fhaisnéis atá le soláthar ag na Ballstáit a shonrú ar bhonn ad hoc. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[39] . Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. |
| [39] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1. | [39] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(35a) Léirítear tábhacht an staidrimh Eorpaigh mar chuid ríthábhachtach den chinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise i gCreat Airgeadais Ilbhliantúil an Aontais 2021-2027 chun tacaíocht airgeadais a áirithiú d'fhorbairt, táirgeadh agus scaipeadh staidrimh Eorpaigh ardcháilíochta trí Chlár an Mhargaidh Aonair. Ba cheart athchóiriú a dhéanamh ar bhailiú sonraí trí chomhar éifeachtach idir na húdaráis náisiúnta ábhartha, institiúidí staidrimh agus soláthraithe sonraí chomh maith le feabhas a chur ar cháilíocht sonraí, a bheith incháilithe chun tairbhe a bhaint as an Ionstraim um Thacaíocht*** |

| | |
|---|---|
| | ***Theicniúil (TSI), a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a]. Chuige sin, úsáidfear na cistí chun cabhrú leis na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta agus le húdaráis náisiúnta inniúla eile na sonraí is gá a bhailiú mar a d'iarr an Coimisiún (Eurostat), go háirithe maidir le bailiú ad hoc sonraí a chur ar fáil de bhun an Rialacháin seo.*** |
| | __________ |
| | ***[1a] Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (IO L 57, 18.2.2021, lch. 1).*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) ciallaíonn 'grúpaí daonra a bhfuil sé deacair teacht orthu' grúpaí daoine aonair a bhfuil bac iarbhír nó braite ann i leith a gcuimsithe iomláin ionadaíoch maidir le bailiú sonraí staidrimh;*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) ciallaíonn '***teaghais*** thraidisiúnta' ***áitreabh ag suíomh seasta atá*** deartha mar áit chónaithe bhuan do dhaoine ***ach nach bhfuil ceaptha mar thithíocht institiúideach ná mar thithíocht chomhchoiteann***; | (10) ***ciallaíonn 'teaghaisí*** traidisiúnta' ***teaghaisí atá scartha ó thaobh struchtúir de, is é sin le rá go bhfuil siad timpeallaithe ag ballaí agus clúdaithe le díon nó le síleáil ionas gur féidir le duine amháin nó níos mó cónaí ann gan spleáchas ar dhaoine eile, agus neamhspleách, eadhon le rochtain dhíreach ó shráid nó ó staighre, pasáiste,*** |

***conair nó talamh, atá i suíomh*** seasta, atá deartha mar áit chónaithe bhuan do dhaoine***, agus atá, ar an dáta tagartha, á n-úsáid chun críocha cónaithe nó neamháitithe, nó a úsáidtear mar theaghais thánaisteach nó séasúrach***;

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) ciallaíonn 'líon tí' grúpa de dhá dhuine nó níos mó a roinneann áit chónaithe nó acmhainní sonracha eile; nó duine aonair nach cuid d'aon líon tí eile é nó í; | (12) ciallaíonn 'líon tí' grúpa de bheirt nó níos mó a roinneann áit chónaithe nó acmhainní ***airgeadais,*** nó duine aonair nach cuid d'aon líon tí eile é nó í; |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) ciallaíonn 'institiúid' áit chónaithe chomhchoiteann chun críche cónaí fadtéarmach agus soláthar seirbhísí do ghrúpa daoine;*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) ciallaíonn 'teaghlach' grúpa de dhá dhuine nó níos mó a chónaíonn sa teach céanna agus atá gaolta nó trí thuismitheoireacht nó trí pháirtnéireacht phósta, chláraithe nó aontais chomhthoiligh; | (13) ciallaíonn 'teaghlach' grúpa de dhá dhuine nó níos mó a chónaíonn ***ar a laghad cuid den am*** sa líon tí céanna agus atá gaolta nó trí thuismitheoireacht nó trí pháirtnéireacht phósta, chláraithe nó aontais chomhthoiligh; |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) foirgnimh atá beartaithe chun cónaí iontu, áiteanna cónaí agus teaghaisí traidisiúnta. | (e) foirgnimh atá beartaithe chun cónaí iontu, áiteanna cónaí agus teaghaisí traidisiúnta***, lena n-áirítear institiúidí***. |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) teaghlaigh ***agus líonta tí.*** | (c) teaghlaigh***;*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) líonta tí.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an staidreamh sna réimsí a liostaítear i mír 1 a eagrú ina thacair shonraí de réir na dtopaicí agus na dtopaicí mionsonraithe a leagtar amach san Iarscríbhinn. | 2. Déanfar an staidreamh sna réimsí a liostaítear i mír 1 a eagrú ina thacair shonraí de réir na dtopaicí agus na dtopaicí mionsonraithe a leagtar amach san Iarscríbhinn. ***Déanfar na topaicí a leagtar amach i réimse na déimeagrafaíochta, agus i réimsí ábhartha eile, san Iarscríbhinn a dhíchomhiomlánú, i*** |

***gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta maidir le bailiú agus nochtadh sonraí, de réir aoise, inscne agus míchumais agus, i gcás inarb ábhartha, de réir saintréithe eile i gcomhréir le Bunphrionsabail Staidrimh Oifigiúil na Náisiún Aontaithe.***

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 17 trí na tacair shonraí agus na meiteashonraí a bheidh le soláthar ag na Ballstáit ar bhonn ad hoc a shonrú, i gcás ina measfar gur gá staidreamh breise a bhailiú chun freastal ar riachtanais staidrimh bhreise faoin Rialachán seo. | 2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 17 trí na tacair shonraí agus na meiteashonraí a bheidh le soláthar ag na Ballstáit ar bhonn ad hoc a shonrú, i gcás ina measfar gur gá staidreamh breise a bhailiú chun freastal ar riachtanais staidrimh bhreise faoin Rialachán seo***, agus tús áite á thabhairt d'fhoinsí agus taifid sonraí riaracháin atá le húsáid chun na sonraí arna n-iarraidh a bhailiú***. |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Soláthrófar na tacair shonraí athbhreithnithe agus na meiteashonraí laistigh de na spriocdhátaí a shonraítear i mír 2 den Airteagal seo agus comhlánófar iad le tuairisciú cáilíochta i gcomhréir le hAirteagal 12. | Soláthrófar na tacair shonraí athbhreithnithe agus na meiteashonraí laistigh de na spriocdhátaí a shonraítear i mír 2 den Airteagal seo agus comhlánófar iad le tuairisciú cáilíochta i gcomhréir le hAirteagal 12. ***Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas gan moill mhíchuí faoi aon chinneadh maidir le tacair sonraí ar leith a athbhreithniú.*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Úsáidfidh na Ballstáit agus an Coimisiún (Eurostat) ceann amháin nó na foinsí sonraí seo a leanas nó meascán díobh, ar choinníoll go n-éascófar leo staidreamh a sholáthar a chomhlíonann na ceanglais cháilíochta a leagtar síos in Airteagal 12: | 1. Úsáidfidh na Ballstáit agus an Coimisiún (Eurostat) ceann amháin nó na foinsí sonraí seo a leanas nó meascán díobh, ar choinníoll go n-éascófar leo staidreamh a sholáthar a chomhlíonann na ceanglais cháilíochta a leagtar síos in Airteagal 12 ***agus go ndéanfar na sonraí a bhailiú agus a phróiseáil i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme maidir le cosaint sonraí, agus cearta bunúsacha na n-ábhar sonraí á n-urramú***: |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Beidh an staidreamh a thiomsófar faoin Rialachán seo bunaithe ar mhodhanna a bheidh fónta ó thaobh staidrimh de agus a bheidh dea-dhoiciméadaithe agus moltaí idirnáisiúnta agus dea-chleachtas á gcur san áireamh amhail 'comharthaí beatha', 'ráta fanachta' agus modhanna eile meastacháin staidrimh eolaíochtbhunaithe agus a úsáidfear chun an daonra gnáthchónaitheach sna Ballstáit a thiomsú. | 4. Beidh an staidreamh a thiomsófar faoin Rialachán seo bunaithe ar mhodhanna a bheidh fónta ó thaobh staidrimh de agus a bheidh dea-dhoiciméadaithe agus moltaí idirnáisiúnta agus dea-chleachtas á gcur san áireamh amhail 'comharthaí beatha', 'ráta fanachta' agus modhanna eile meastacháin staidrimh eolaíochtbhunaithe agus a úsáidfear chun an daonra gnáthchónaitheach sna Ballstáit a thiomsú ***i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme maidir le cosaint sonraí***. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***Nuair a iarrtar sin chun críocha*** | 5. ***Ar iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil*** |

| | |
|---|---|
| ***measúnaithe ar cháilíocht staidrimh***, cuirfidh na Ballstáit torthaí measúnaithe na bhfoinsí sonraí, doiciméadacht na modhanna agus na soiléirithe is gá ar fáil don Choimisiún (Eurostat). | ***ón gCoimisiún (Eurostat)***, cuirfidh na Ballstáit torthaí measúnaithe na bhfoinsí sonraí, doiciméadacht na modhanna agus na soiléirithe is gá ar fáil don Choimisiún (Eurostat). |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) a sheachaint go ndéanfaí tearcáireamh nó áireamh dúbailte ar rioscaí a féideartha a bhaineann le saorghluaiseacht daoine san Aontas, rochtain daoine ar sheirbhísí trasteorann atá nasctha le teagmhais bheatha agus cearta an duine chun maoin tithíochta trasteorann a cheannach, a bheith acu agus a úsáid ar fud an Aontais; | (e) a sheachaint go ndéanfaí tearcáireamh nó áireamh dúbailte ar rioscaí a féideartha a bhaineann le saorghluaiseacht daoine san Aontas, rochtain daoine ar sheirbhísí trasteorann atá nasctha le teagmhais bheatha agus cearta an duine chun maoin tithíochta trasteorann a cheannach, a bheith acu agus a úsáid ar fud an Aontais***, trí aitheantóirí aonair digiteacha a thabhairt isteach mar shampla***; |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) ***neamhshiméadrachtaí*** sreafaí imirce ***a laghdú***; | (f) ***rioscaí féideartha maidir le tearcáireamh nó comhaireamh dúbailte a sheachaint agus inchomparáideacht níos fearr a áirithiú maidir le*** sreafaí imirce; |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 4 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Féadfaidh aon oiriúnú mór dá bhforáiltear leis na gníomhartha cur*** |

| | |
|---|---|
| | ***chun feidhme sin a bheith faoi réir tacaíocht airgeadais agus theicniúil de bhun Airteagal 15 nó maolú de bhun Airteagal 19(1a).*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún (Eurostat) ar an eolas a luaithe is féidir faoi aon fhaisnéis ábhartha nó aon athrú i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin seo a mbeadh tionchar aige ar cháilíocht na sonraí arna soláthar. | 5. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún (Eurostat) ar an eolas a luaithe is féidir faoi aon fhaisnéis ábhartha nó aon athrú i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin seo a mbeadh tionchar aige ar cháilíocht na sonraí arna soláthar***, agus gníomhóidh siad chun an fhadhb a réiteach gan moill mhíchuí***. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. ***Arna*** iarraidh sin ***don*** Choimisiún (Eurostat), cuirfidh na Ballstáit soiléiriú breise riachtanach ar fáil chun meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an staidrimh. | 6. ***Ar*** iarraidh ***chuí-réasúnaithe a fháil ón*** gCoimisiún (Eurostat), cuirfidh na Ballstáit soiléiriú breise riachtanach ar fáil chun meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an staidrimh ***gan moill mhíchuí***. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ar mhaithe le comhroinnt shlán sonraí laistigh den CSE, déanfar na cosaintí uile is gá maidir le cosaint fhisiceach agus loighciúil sonraí. Bunóidh an Coimisiún (Eurostat) bonneagar slán chun comhroinnt | 2. Ar mhaithe le comhroinnt shlán sonraí laistigh den CSE, déanfar na cosaintí uile is gá maidir le cosaint fhisiceach***, theicniúil*** agus loighciúil sonraí. Bunóidh an Coimisiún (Eurostat) bonneagar slán |

| | |
|---|---|
| sonraí dá dtagraítear i mír 1 a éascú. Féadfaidh údaráis inniúla náisiúnta le haghaidh staidrimh faoin Rialachán seo an bonneagar slán um chomhroinnte sonraí sin a úsáid chun na críche a shonraítear i mír 1. | chun comhroinnt sonraí dá dtagraítear i mír 1 a éascú. ***Úsáidfidh*** údaráis inniúla náisiúnta le haghaidh staidrimh faoin Rialachán seo an bonneagar slán um chomhroinnte sonraí sin chun na críche a shonraítear i mír 1. |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) go mbeidh sí bunaithe***, más féidir,*** ar theicneolaíochtaí cosanta príobháideachais atá deartha go sonrach chun prionsabail Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725 a chur chun feidhme, go háirithe maidir le teorannú de réir cuspóra, íoslaghdú sonraí, teorannú stórála, sláine agus rúndacht; | (b) go mbeidh sí bunaithe ar theicneolaíochtaí cosanta príobháideachais atá deartha go sonrach chun prionsabail Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725 a chur chun feidhme, go háirithe maidir le teorannú de réir cuspóra, íoslaghdú sonraí, teorannú stórála, sláine agus rúndacht; |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 3 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) gan dochar do na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta de bhun Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725;*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) ***neamhshiméadrachtaí*** na sreafaí imirce ***a laghdú***; | (d) ***rioscaí féideartha maidir le tearcáireamh nó comhaireamh dúbailte a sheachaint agus inchomparáideacht níos*** |

| | |
|---|---|
| | ***fearr a áirithiú maidir le*** sreafaí imirce; |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh na Ballstáit a bheith rannpháirteach sna staidéir sin ***ach áiritheoidh siad, i gcomhar leis*** an gCoimisiún (Eurostat), go mbeidh ***na staidéir sin*** ionadaíoch ar leibhéal an Aontais. | 2. Féadfaidh na Ballstáit a bheith rannpháirteach sna staidéir sin***. Áiritheoidh*** an Coimisiún (Eurostat), go mbeidh siad ionadaíoch ar leibhéal an Aontais***, agus go léireofar na héagsúlachtaí náisiúnta***. |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfar ranníocaíocht airgeadais a sholáthar ó bhuiséad ginearálta an Aontais do na hinstitiúidí náisiúnta staidrimh agus do na húdaráis náisiúnta eile dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 le haghaidh: | 1. ***Arna iarraidh sin do Bhallstát,*** féadfar ranníocaíocht airgeadais a sholáthar ó bhuiséad ginearálta an Aontais do na hinstitiúidí náisiúnta staidrimh agus do na húdaráis náisiúnta eile dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 le haghaidh: |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) foinsí sonraí nua nó feabhsaithe, modheolaíochtaí, comhroinnt sonraí, aonaid staidrimh, topaicí, topaicí mionsonraithe, athróga agus a miondealuithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme; | (a) ***an bonneagar agus an oiliúint is gá chun*** foinsí sonraí nua nó feabhsaithe, modheolaíochtaí, comhroinnt sonraí, aonaid staidrimh, topaicí, topaicí mionsonraithe, athróga agus a miondealuithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme; |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Féadfaidh na Ballstáit iarratas a dhéanamh ar thacaíocht ón STI chun cáilíocht an staidrimh a fheabhsú agus modheolaíochtaí a fhorbairt a chomhlíonann ceanglais an Rialacháin seo. Féadfar cúnamh ón gCoimisiún a chur ar fáil freisin chun comhordú a dhéanamh ar mhalartú dea-chleachtas ar fud na mBallstát.*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. | 4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ***agus déanfaidh sé Parlaimint na hEorpa a choinneáil ar an eolas faoin obair ullmhúcháin a bhaineann lena ghníomh tarmligthe.*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina gceanglaítear, le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo***, nó leis na*** | 1. I gcás ina gceanglaítear le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo go ndéanfar |

***gníomhartha tarmligthe nó na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh dá bhun,*** go ndéanfar mór-oiriúnuithe ar chóras staidrimh náisiúnta Ballstáit, féadfaidh an Coimisiún maoluithe a dheonú, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, do Bhallstát ar feadh ***dhá*** bhliain ar a mhéad.

mór-oiriúnuithe ar chóras staidrimh náisiúnta Ballstáit, féadfaidh an Coimisiún maoluithe a dheonú, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, don Bhallstát ***sin*** ar feadh ***seacht*** mbliana ar a mhéad.

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. I gcás ina n-éilítear mór-oiriúnuithe ar chóras staidrimh náisiúnta Ballstáit le gníomhartha tarmligthe nó cur chun feidhme a ghlactar de bhun an Rialacháin seo, féadfaidh an Coimisiún maoluithe a dheonú, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 12(4), an dara fomhír, don Bhallstát sin ar feadh trí bliana ar a mhéad.*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1 – pointe 3 a (nua)**
Rialachán (CE) Uimh. 862/2007
Airteagal 2 – mír 1 – pointe d

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2(1), pointe (d):*** |
| (d) ciallaíonn 'saoránacht' ***an nasc dlí faoi leith a bhíonn ann idir duine agus a Stát a rinneadh de bharr gur ann a rugadh é nó í, nó a rinneadh de bharr eadóirseachta, cibé acu an eadóirseacht trí dhearbhú, de rogha nó trí phósadh a bhí ann nó eadóirseacht trí mheán ar bith eile de réir na reachtaíochta náisiúnta***; | "(d) 'ciallaíonn 'saoránacht' ***saoránacht mar a shainmhínítear í in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) Uimh. XXXX/2023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.***+ |

+ ***IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS (2023/0008(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.'***

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – Tábla 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Déimeagrafaíocht | Stoic daonra | Saintréithe bunúsacha an duine | 6M | 30.6.BB agus 31.12.BB |
| | | | A | 31.12.BB |
| | | | MA | 31.12.BB |
| | | | D | 31.12.BB |
| | | Saintréithe socheacnamaíocha an duine | A | 31.12.BB |
| | | | MA | 31.12.BB |
| | | | D | 31.12.BB |
| | Torthúlacht | Breitheanna | Q | Mí |
| | | | A | Bliain |
| | | Foirceannadh toirchis go dleathach[1] | A | Bliain |
| | Básmhaireacht | Básanna | Q | Mí, Seachtain |
| | | | A | Bliain |
| | | Básanna naíonán | A | Bliain |
| | | Básanna déanacha féatais | A | Bliain |
| | Páirtnéireachtaí | Póstaí agus páirtnéireachtaí cláraithe | A | Bliain |
| | | Saintréithe daoine a | A | Bliain |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | théann isteach i bpósadh nó i bpáirtnéireacht chláraithe | | |
| | | Colscarthaí agus páirtnéireachtaí cláraithe foirceanta | A | Bliain |
| | Imirce | Inimircigh | Q | Mí |
| | | | A | Bliain |
| | | Eisimircigh | ***A*** | ***Bliain*** |
| | | Imirce inmheánach | A | Bliain |
| | Fáil agus cailliúint náisiúntacht Bhallstáit den Aontas agus saoránacht an Aontais | Daoine a fuair saoránacht | A | Bliain |
| | | Daoine a chaill /a ghéill saoránacht | A | Bliain |

[1] Is ar bhonn deonach a sholáthrófar na sonraí sin.

*Leasú*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Déimeagrafaíocht | Stoic daonra | Saintréithe bunúsacha an duine | 6M | 30.6.BB agus |
| | | | | 31.12.BB |
| | | | A | 31.12.BB |
| | | | MA | 31.12.BB |
| | | | D | 31.12.BB |
| | | Saintréithe socheacnamaíocha an duine | A | 31.12.BB |
| | | | MA | 31.12.BB |
| | | | D | 31.12.BB |
| | Torthúlacht | Breitheanna | Q | Mí |
| | | | A | Bliain |
| | | Foirceannadh toirchis go | A | Bliain |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | dleathach[1] | | |
| Básmhaireacht | Básanna | Q | Mí, Seachtain |
| | | A | Bliain |
| | Básanna naíonán | A | Bliain |
| | Básanna déanacha féatais | A | Bliain |
| Páirtnéireachtaí | Póstaí agus páirtnéireachtaí cláraithe | A | Bliain |
| | Saintréithe daoine a théann isteach i bpósadh nó i bpáirtnéireacht chláraithe | A | Bliain |
| | Colscarthaí agus páirtnéireachtaí cláraithe foirceanta | A | Bliain |
| Imirce | Inimircigh | Q | Mí |
| | | A | Bliain |
| | Eisimircigh | ***Q*** | ***Mí*** |
| | | A | Bliain |
| | Imirce inmheánach | A | Bliain |
| Fáil agus cáilliúint náisiúntacht Bhallstáit den Aontas agus saoránacht an Aontais | Daoine a fuair saoránacht | A | Bliain |
| | Daoine a chaill /a ghéill saoránacht | A | Bliain |

[1] Is ar bhonn deonach a sholáthrófar na sonraí sin.